



An Bhruiséil, 7 Nollaig 2017
(OR. en)

15514/17

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0397 (COD)**

**SOC 797
EMPL 608
CODEC 2030**

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	7 Nollaig 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14958/17 + COR 1
Uimh. an doic. ón gCoim.:	15642/16 + ADD 1 - ADD 8 - COM(2016) 815 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme (Téacs atá ábhartha maidir le LEE agus leis an Eilvéis) - Cur chuige ginearálta páirteach

Gheobhaidh na toscaireachtaí in Iarscríbhinn I agus II a ghabhann leis seo téacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh maidir leis an Rialachán thuasluaite, a chomhaontaigh Comhairle EPSCO ag an 3583ú cruinniú a bhí aici ar an 7 Nollaig 2017.

Forálacha sa togra a bhaineann leis an méid a leanas: *Cúram fadtéarmach*

Rialachán (CE) Uimh. 883/2004

Aithris 24

I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, ba cheart, i bprionsabal, leanúint de shochair cúraim fhadtéarmaigh a chomhordú do dhaoine árachaithe gona mbail teaghlaigh, agus cloí leis na rialacha is infheidhme maidir le sochair bhreuiteachta. Mar sin féin, ba cheart go gcuirfí san áireamh sna rialacha sin cineál sonrach na sochar cúraim fhadtéarmaigh. Is gá freisin forálacha sonracha a chur ar fáil i gcás ina dtarlaíonn forluí idir sochair cúraim fhadtéarmaigh comhchineáil agus sochair in airgead tirim.

Aithris 24a

Tagraíonn sochair cúraim fhadtéarmaigh do na sochair sin amháin arb é is príomhchuspóir dóibh freastal ar an gcúram a theastaíonn ó dhuine a dteastaíonn go leor cúnaimh uaidh ó dhaoine eile, mar gheall ar lagú dar siocair, mar shampla, an tseanaois, míchumas nó breuiteacht, chun tabhairt faoi ghnáthghníomhaíochtaí riachtanacha ar feadh tréimhse fhada ama. Thairis sin, tagraíonn sochair cúraim fhadtéarmaigh do na sochair sin amháin ar féidir iad a mheas mar shochair slándála sóisialta de réir bhrí an Rialacháin. I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, mar shampla, i gCás C-433/13, an Coimisiún v Poblacht na Slóvaice, is ionann sochair slándála sóisialta agus na sochair sin a dheonaítear ar thairbhíthe gan aon mheasúnú aonair a dhéanamh ar riachtanais phearsanta ar bhonn seasamh atá sainmhínithe go dleathach ionas gur dá réir sin is ceart na sochair cúraim fhadtéarmaigh a léirmhíniú. Go sonrach, ní áirítear cúnamh sóisialta nó liachta i sochair cúraim fhadtéarmaigh. Ní sochar cúraim fhadtéarmaigh a chuimsítear leis an Rialachán seo sochair a dheonaítear ar bhonn lánroghnach, tar éis measúnú aonair a dhéanamh ar riachtanais phearsanta an éilitheora.

Airteagal 1

Sainmhínithe

(c) ciallaíonn 'duine árachaithe', i ndáil le brainsí na slándála sóisialta a chumhdaítear le Teideal III, Caibidlí 1 agus 3, aon duine a chomhlíonann na coinníollacha a cheanglaítear faoi reachtaíocht an Bhallstáit atá inniúil faoi Theideal II chun an ceart chun sochair a bheith aige, agus forálacha an Rialacháin seo a gcur san áireamh;

(i)(1)(ii) maidir le sochair chomhchineáil de bhun Theideal III, Caibidil 1, aon duine atá sainithe nó atá aitheanta mar dhuine den teaghlach nó atá ainmnithe mar chomhalta den teaghlach de réir reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil cónaí air nó uirthi;

(va) ciallaíonn 'sochair chomhchineáil':

(i) chun críocha Theideal III, Caibidil 1 (sochair bhreuiteachta, sochair mháithreachais agus sochair choibhéiseacha atharthachta), na sochair chomhchineáil dá bhforáiltear faoi reachtaíocht Ballstáit agus atá beartaithe chun costas cúraim liachta agus táirgí agus seirbhísí a ghabhann leis an gcúram sin a sholáthar, a chur ar fáil, a íoc go díreach nó a aisíoc.

(-ii) chun críocha Theideal III, Caibidil 1 maidir le sochair chomhchineáil cúraim fhadtéarmaigh, na sochair chomhchineáil dá bhforáiltear faoi reachtaíocht Ballstáit agus atá beartaithe chun costas cúraim fhadtéarmaigh a sholáthar, a chur ar fáil, a íoc go díreach nó a aisíoc dá dtagraítear sa sainmhíniú faoi phointe (vb).

(vb) ciallaíonn 'sochar cúraim fhadtéarmaigh' sochar comhchineáil nó in airgead tirim dar cuspóir freastal ar riachtanas cúraim an duine a bhfuil go leor cúnamh ag teastáil uaidh ó dhuine eile mar gheall ar lagú d'fhonn tabhairt faoi ghnáthghníomhaíochtaí riachtanacha ar feadh tréimhse fhada ama d'fhonn tacú le féinriar pearsanta an duine sin; áirítear leis sin sochair a dheonaítear chun na críche céanna don duine a sholáthraíonn an cúnamh sin.

Airteagal 3

Ábhair a chumhdaítear

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an reachtaíocht ar fad a bhaineann leis na brainsí seo a leanas den tslándáil shóisialta:
 - (a) sochair bhreuiteachta agus sochair cúraim fhadtéarmaigh;
 - (ba) [...]

Airteagal 11

Rialacha ginearálta

2. Chun críocha an Teidil seo, measfar duine a fhaigheann sochair in airgead tirim mar thoradh ar a gcuid gníomhaíochta mar dhuine fostaithe nó mar dhuine féinfhostaithe, agus measfar go mbeidh an ghníomhaíocht sin á saothrú acu. Ní bheidh feidhm aige seo maidir le pinsin easláine, seanaoise nó pinsin marthanóirí i leith tionóiscí ag an obair nó a bhaineann le galair cheirde nó le sochair cúraim fhadtéarmaigh in airgead tirim a sholáthar don duine a bhfuil gá aige nó aici le cúram.

Teideal III, Caibidil 1

Sochair bhreiteachta, sochair chomhchineáil, sochair mháithreachais agus sochair choibhéiseacha atharthachta

Airteagal 19

Tréimhse lasmuigh den Bhallstát

1. Mura bhforáiltear dá mhalairt i mír 2, beidh duine árachaithe gona bhaill teaghlaigh a fhanann i mBallstát seachas an Ballstát inniúil i dteideal na sochar comhchineáil a bheidh de dhíth agus é nó í ansin, ar fhorais liachta nó mar gheall ar an ngá atá ag an duine sin le cúram fadtéarmach, lena n-áirítear cineál na sochar agus fad ionchasach an fhanachta. Déanfaidh institiúid na háite fanachta na sochair sin a soláthar thar ceann na hinstitiúide inniúla, i gcomhréir le forálacha na reachtaíochta a chuirtear i bhfeidhm, amhail is dá mba mbeadh an duine lena mbaineann árachaithe faoin reachtaíocht sin.

I gcás inar cuspóir don fhanacht i mBallstát eile na sochair sin a fháil, ní chumhdófar leis an Airteagal seo sochair chomhchineáil, lena n-áirítear sochair i leith tinneas ainsealach nó tinneas atá ar an duine cheana féin, breith linbh nó cúram fadtéarmach.

2. Bunóidh an Coimisiún Riaracháin liosta de na sochair chomhchineáil lena gceanglaítear, ar chúiseanna praiticiúla, d'fhonn go soláthrófar í le linn fanachta i mBallstát eile, comhaontú roimh ré idir an duine lena mbaineann agus an institiúid a sholáthraíonn an sochar.

Airteagal 20

Taisteal chun críche sochair chomhchineáil a fháil — Údarú le cóireáil chuí a fháil lasmuigh den Bhallstát cónaithe

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo, iarrfaidh duine árachaithe atá ag taisteal chuig Ballstát eile údarú ón institiúid inniúil i gcás ina bhfuiltear ag taisteal ann chun críche sochar comhchineáil, dá dtagraítear in Airteagal 1 (va) (i) den Rialachán seo, a fháil le linn an fhanachta.

Airteagal 30

Ranníocaíochtaí ó phinsinéirí

1. Féadfaidh institiúid de chuid Ballstáit, agus í freagrach faoin reachtaíocht a chuirtear i bhfeidhm maidir le hasbhaintí i leith ranníocaíochtaí a dhéanamh as breoiteacht, cúram fadtéarmach, sochair mháithreachais agus sochair choibhéiseacha atharthachta, ní ceadmhach di asbhaintí den sórt sin a iarraidh agus a fháil ar ais, arna ríomh i gcomhréir leis an reachtaíocht a chuireann an institiúid sin i bhfeidhm, ach amháin a mhéid atá costas na sochar sin de bhun Airteagal 23 go 26 le híos ag institiúid de chuid an Bhallstáit réamhráite.
2. I gcás, ar nós na gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 25, ina mbíonn fáil ar shochair bhreoiteachta, sochair cúraim fhadtéarmaigh, sochair mháithreachais agus sochair choibhéiseacha atharthachta faoi réir íocaíocht ranníocaíochtaí nó íocaíochtaí dá samhail faoi reachtaíocht an Bhallstáit ina gcónaíonn an pinsinéir lena mbaineann, ní bheidh na ranníocaíochtaí sin iníoctha de bhua an chónaithe sin.

Airteagal 32

Tosaíocht maidir leis an gceart ar shochair chomhchineáil - riail speisialta maidir le ceart na mball teaghlaigh ar shochair sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu

3. I gcás ina mbeidh ceart díorthach ar shochair ag ball den teaghlach de réir reachtaíocht Ballstáit amháin nó níos mó, beidh feidhm ag na rialacha tosaíochta seo a leanas:
 - (a) i gcás cearta atá ar fáil ar bhonn éagsúil, is mar a leanas a bheidh an t-ord tosaíochta:
 - (i) cearta atá ar fáil ar bhonn gníomhaíocht de chuid an duine árachaithe mar dhuine fostaithe nó mar dhuine féinfhostaithe;
 - (ii) cearta atá ar fáil ar bhonn pinsean a bheith á fháil ag an duine árachaithe;
 - (iii) cearta atá ar fáil ar bhonn áit chónaithe an duine árachaithe;

- (b) i gcás cearta díorthacha atá ar fáil ar an mbonn céanna, socrófar an t-ord tosaíochta trí thagairt a dhéanamh d'áit chónaithe an bhaill teaghlaigh mar chritéar tánaisteach;
- (c) i gcásanna nach féidir an t-ord tosaíochta a shocrú ar bhonn na gcritéar thuas, mar chritéar deiridh, is í an tréimhse árachais is faide de chuid an duine árachaithe faoi scéim pinsin náisiúnta is infheidhme.

Airteagal 33a

Sochair cúraim fhadtéarmaigh

1. Ullmhóidh an Coimisiún Riaracháin liosta mionsonraithe de shochair cúraim fhadtéarmaigh a chomhlíonann na critéir atá in Airteagal 1 (vb) den Rialachán seo ina sonrófar cé acu de na sochair sin is sochair chomhchineáil agus cé acu is sochair in airgead tirim, agus cé acu don duine a bhfuil cúram uaidh nó don duine a sholáthraíonn an cúram atá na sochair á sholáthar.
2. I gcás ina mbeidh ag sochar cúraim fadtéarmaigh a chumhdaítear faoin gCaibidil seo na saintréithe a bhíonn ag sochair a chomhordaítear faoi Chaibidil eile de Theideal III, féadfaidh an Ballstát, de mhaolú air sin, sochar den sórt sin a chomhordú i gcomhréir le rialacha na Caibidle réamhráite, ar choinníoll go mbeidh toradh an chomhordaithe sin chomh fabhrach céanna, ar an iomlán, do na tairbhíthe agus a bheadh dá ndéanfaí an sochar a chomhordú mar shochair cúraim fhadtéarmaigh sa Chaibidil seo, agus go liostaítear é in Iarscríbhinn XII - áit a sonraítear cé acu Caibidil de Theideal III is infheidhme.
- 2a. Beidh feidhm ag Airteagal 34 (1) agus (3) den Rialachán seo freisin do na sochair sin a liostaítear in Iarscríbhinn XII .

Airteagal 34

Forluí sochar cúraim fhadtéarmaigh

1. An té sin a bhfuil sochair cúraim fhadtéarmaigh in airgead tirim dá bhforáiltear in Airteagail 21 nó 29 á bhfáil aige, agus é a bheith i dteideal san am céanna agus de bhun na Caibidle seo sochair chomhchineáil darb ionann cuspóir a éileamh ar institiúid na háite cónaithe nó na háite fanachta i mBallstát eile, agus é a bheith de cheangal ar institiúid sin an chéad Bhallstáit costas na sochar comhchineáil seo a aisíoc de bhun Airteagal 35 chomh maith céanna, is í an fhoráil ghinearálta maidir le forluí sochar a chosc, a leagtar síos in Airteagal 10, is infheidhme cé is moite den srian seo a leanas: i gcás go n-éilíonn agus go bhfaigheann an té atá i gceist an sochar comhchineáil sin, laghdófar an chuid sin den sochar is airgead tirim de réir a mbeidh sa sochar comhchineáil sin atáthar a éileamh, nó a d'fhéadfaí a éileamh, ar institiúid an chéad Bhallstáit ar a bhfuil ceangal aisíoctha an chostais.
2. [...]
3. Féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó, nó a n-údaráis inniúla, comhaontú maidir le bearta eile nó bearta forlíontacha nach lú a bhfabhar leis na daoine lena mbaineann ná na prionsabail a leagtar síos i mír 1.
- 3a. Más rud é, le linn na tréimhse céanna agus maidir leis na leanaí céanna, go gcuirtear ar fáil sochair cúraim fhadtéarmaigh in airgead tirim, dá bhforáiltear faoi reachtaíocht Ballstáit amháin nó níos mó, beidh feidhm ag na rialacha tosaíochta maidir le forluí, atá leagtha síos in Airteagal 68(1).

IARSCRÍBHINN XII (nua)

SOCHAIR CÚRAIM FHADTÉARMAIGH A THUGTAR DE MHAOLÚ AR AIRTEAGAL 33a (2)

(Airteagal 33a (2))

AN OSTAIR

Sochair cúraim fhadtéarmaigh in airgead tirim (Acht Cónaidhme sochar cúraim fadtéarmach BGBI. I Uimh. 110/1993 arna leasú), a dheonófar de bharr tionóiscí ag an obair nó a bhaineann le galair cheirde – déantar sin a chomhordú faoi Chaibidil 2 de Theideal III – Sochair i leith tionóiscí ag an obair agus galair cheirde.

AN FHRAINNC

- (a) Liúntas síorfhreastail (Cód Slándála Sóisialta, Airteagal L.355-1) – déantar sin a chomhordú faoi Chaibidil 4 de Theideal III – Sochair easláine nó faoi Chaibidil 5 de Theideal III – sochar seanaoise, ag brath ar an sochar ar sa bhreis air a íoctar an forlíonadh cúraim.
- (b) Sochar forlíontach síorfhreastail (Cód Slándála Sóisialta, Airteagal L.434-2) – déantar sin a chomhordú faoi Chaibidil 2 de Theideal III – Sochair i leith tionóiscí ag an obair agus galair cheirde.

AN GHEARMÁIN

Cúram fadtéarmach sochar i dtaca le tionóiscí ag an obair agus le galair cheirde (Leabhar VII de Chód Sóisialta na Gearmáine, mír 44) – déantar sin a chomhordú faoi Chaibidil 2 de Theideal III – Sochair i leith tionóiscí ag an obair agus galair cheirde.

AN PHOLAINN

Forlíonadh cúraim (An tAcht dar dáta 17 Nollaig 1998 maidir le pinsin seanaoise agus sochair easláine as an gCiste Árachais Shóisialaigh) – déantar sin a chomhordú faoi Chaibidil 4 de Theideal III – Sochair easláine nó faoi Chaibidil 5 de Theideal III – Sochar seanaoise, ag brath ar an sochar ar sa bhreis air a íoctar an forlíonadh cúraim.

Teideal III, Caibidil 1

**Sochair bhreuiteachta, sochair chomhchineáil, sochair mháithreachais agus sochair
choibhéiseacha atharthachta**

Airteagal 23

**Socruithe is infheidhme i gcás ina mbíonn níos mó ná socrú amháin sa Bhallstát cónaithe nó
fanachta**

Má chuimsíonn reachtaíocht an Bhallstáit chónaithe nó fanachta níos mó ná an t-aon scéim árachais bhreuiteachta, cúraim fhadtéarmaigh, máithreachais agus atharachta amháin, le haghaidh níos mó ná catagóir amháin de dhaoine árachaithe, is iad forálacha na reachtaíochta maidir leis an scéim ghinearálta do dhaoine fostaithe na forálacha a mbeidh feidhm acu faoi Airteagail 17, 19(1), 20, 22, 24, agus 26 den bhun-Rialachán.

Airteagal 24

Cónaí i mBallstát seachas an Ballstát inniúil

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an Airteagal seo maidir leo siúd dá dtagraítear in Airteagail 22, 24, 25 agus 26 den bhun-Rialachán.

Airteagal 25

Cónaí i mBallstát seachas an Ballstát inniúil

A. Nós imeachta agus raon feidhme cirt

1. Chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 19 den bhun-Rialachán, tiolacfaidh an duine árachaithe doiciméad arna eisiúint ag an institiúid inniúil lena léireofaí don soláthróir cúraim sláinte nó cúraim fhadtéarmaigh sláinte i mBallstát an fhanachta a theidlíocht chun sochar comhchineáil. Mura mbeidh doiciméad den sórt sin ag an duine árachaithe, rachaidh institiúid na háite fanachta, ar iarraidh nó más gá ar shlí eile, i dteagmháil leis an institiúid inniúil chun doiciméad den sórt sin a fháil.

2. *[Gan aon athrú]*
3. Tagróidh na sochair chomhchineáil dá dtagraítear in Airteagal 19(1) den bhun-Rialachán do na sochair chomhchineáil a sholáthraítear i mBallstát an fhanachta, i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit sin, agus a dtagann gá leo ar fhorais leighis nó i ngeall ar chúram fadtéarmach a bheith de dhíth d'fhonn nach gceanglófaí ar an duine árachaithe filleadh ar an mBallstát inniúil, roimh dheireadh na ré pleanáilte fanachta, chun an chóireáil atá riachtanach nó an cúram fadtéarmach a fháil.

Airteagal 28

Sochair cúraim fhadtéarmaigh in airgead tirim i gcás fanachta nó cónaithe i mBallstát seachas an Ballstát inniúil

1. Le go mbeidh an duine árachaithe i dteideal sochar cúraim fadtéarmach in airgead tirim de bhun Airteagal 21(1) den bhun-Rialachán, déanfaidh an duine árachaithe iarratas chuig an institiúid inniúil. Déanfaidh an institiúid inniúil institiúid na háite cónaithe a chur ar an eolas, i gcás inar gá.

Airteagal 31

Airteagal 34 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm

1. Cuirfidh an institiúid inniúil an duine lena mbaineann ar an eolas maidir leis an bhforáil atá in Airteagal 34 den bhun-Rialachán maidir le forluí sochar a chosc. Áiritheofar le cur i bhfeidhm na rialacha sin go mbeidh an duine nach bhfuil cónaí air sa Bhallstát inniúil i dteideal sochair dar luach an méid iomlán céanna, ar a laghad, agus a bheadh le fáil aige dá mba sa Bhallstát sin a bhí a chónaí.
2. Cuirfidh an institiúid inniúil institiúid na háite cónaithe nó fanachta ar an eolas freisin faoi aon sochar airgid cúraim fhadtéarmaigh a íocadh i gcás ina bhforáiltear, leis an reachtaíocht a chuireann an institiúid réamhráite i bhfeidhm, do na sochair chomhchineáil cúraim fhadtéarmaigh a áirítear sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 33a(1) den bhun-Rialachán.

Airteagal 32

Bearta speisialta cur chun feidhme

1. Nuair a dhíolmhaítear duine nó grúpa daoine, arna iarraidh sin, ó árachas éigeantach breoiteachta agus nach bhfuil na daoine sin cumhdaithe dá bhrí sin ag scéim árachais bhreoiteachta a bhfuil feidhm ag an mbun-Rialachán maidir léi, ní thiocfaidh institiúid Ballstáit, de bharr an díolmhaithe seo amháin, chun bheith freagrach as costais na sochar comhchineáil nó na sochar airgid a iompar a sholáthraítear do na daoine sin nó do bhall dá dteaghlach faoi Theideal III, Caibidil I, den bhun-Rialachán.
4. [...]

Teideal IV, Caibidil 1

Aisíoc chostas na sochar a tháinig as Airteagal 35 agus Airteagal 41 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm

Airteagal 87

Scrúdaithe dochtúra agus seiceálacha riaracháin

4. Beidh feidhm freisin ag mír 2 agus mír 3 le linn a chinneadh nó a sheiceáil a spleáiche atá faighteoir nó éilitheoir na sochar cúraim fhadtéarmaigh sin dá dtagraítear in Airteagal 1(vb) den bhun-Rialachán.
6. Mar eisceacht ó phrionsabal an chomhair riaracháin fhrithpháirtigh in aisce atá in Airteagal 76(2) den bhun-Rialachán, déanfaidh an institiúid fhiachach, a d'iarr ar an institiúid na seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 go 5 a dhéanamh, glanmhéid an chaiteachais a bhí i gceist leis na seiceálacha sin a aisíoc leis an institiúid ar iarradh uirthi iad a dhéanamh. Ach má úsáideann an institiúid ar iarradh uirthi an tseiceáil a dhéanamh na cinntí chun sochair a dheonú ar a chomhairle féin don duine lena mbaineann faoin reachtaíocht a chuireann sí i bhfeidhm, ní éileoidh sí na speansais dá dtagraítear san abairt roimhe seo.

Forálacha sa togra a bhaineann leis an méid a leanas: *Sochair teaghlaigh***Rialachán (CE) Uimh. 883/2004****Aithris 35 –a (nua)**

Chun críche ríomh a dhéanamh ar an bhforlíonadh difreálach, is ceart a chur san áireamh sa Rialachán seo breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-347/12 *Wiering* agus pé soiléirithe agus simplithe a mbeidh gá leo a sholáthar san am céanna. Á chur san áireamh cineál speisialta na sochar teaghlaigh éagsúil atá sna Ballstáit, is ceart dhá chineál sochair theaghlaigh a lua mar shochair atá éagsúil ó na sochair eile, de bharr a bpríomhchuspóra, a n-aidhmeanna, agus i ngeall ar an mbonn ar a ndéonaítear iad a íoc.

Aithris 35a (nua)

I dtaca le sochair theaghlaigh in airgead tirim, dar príomhaidhm teacht in ionad an ioncaim sin nach dtuilltear, cibé acu go hiomlán nó i bpáirt, nó in ionad an ioncaim nach dtig leis an duine sin a thuilleamh, mar go bhfuil leanaí á dtógáil acu, is féidir na sochair sin a idirdhealú ó shochair theaghlaigh eile darb aidhm costais an teaghlaigh a ghlanadh. Ós rud é go bhféadfaí sochair den chineál sin a mheas mar chearta aonair nach mbaineann ach leis an tuismitheoir darb infheidhme reachtaíocht an Bhallstáit inniúil, is ceart go bhféadfaí iad a choinneáil ar leith don tuismitheoir lena mbaineann. Is ceart na sochair aonair sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo. Féadfaidh an Ballstát a bhfuil inniúlacht thánaisteach aige a roghnú, i gcás fhorluí na gceart le haghaidh sochair theaghlaigh faoi reachtaíocht an Bhallstáit inniúil agus faoi reachtaíocht Bhallstát cónaithe na mball teaghlaigh, nach mbeidh feidhm ag na rialacha tosaíochta maidir leis na sochair sin. I gcás ina roghnóidh Ballstát an fheidhm a bhaint de na rialacha tosaíochta, ní mór dó sin a dhéanamh go comhsheasmhach maidir leis na daoine uile a bhfuil teidlíocht acu agus ar den chineál céanna a gcás, agus é a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XIII.

Airteagal 68

Rialacha tosaíochta i gcás forluí

2. I gcás ina dtarlaíonn forluí sochar, cuirfear sochair theaghlaigh ar fáil i gcomhréir leis an reachtaíocht ar tugadh tús áite di i gcomhréir le mír 1. I dtaca le teidlíochtaí chun sochar teaghlaigh de bhua reachtaíochta eile nó reachtaíochtaí eile atá ar neamhréir, cuirfear ar fionraí na teidlíochtaí sin suas go dtí an méid dá bhforáiltear sa chéad reachtaíocht i gcás sochar den chineál céanna, agus cuirfear ar fáil forlíonadh difreálach, más gá, i dtaca leis an tsuim is farasbarr ar an méid sin thuas. Mar sin féin, ní gá a leithéid d'fhorlíonadh difreálach a chur ar fáil i gcás leanaí ata ina gcónaí i mBallstát eile nuair is bunaithe ar an áit chónaithe amháin a bhíonn an teidlíocht.
- 2a. Chun críocha ríofa an fhorlíonaidh dhifreálaigh i gcás sochair theaghlaigh faoi mhír 2 den Airteagal seo, déanfar dá chatagóir de na sochair chomhchosúla:
 - a) na sochair teaghlaigh in airgead tirim atá ceaptha go príomha chun ionad cuid nó iomlán an ioncaim nach dtuilltear ioncam an duine sin, nó nach féidir, de bharr tógála linbh a shaothrú; agus
 - b) gach sochar teaghlaigh eile.

Airteagal 68b (nua)

Forálacha speisialta maidir le sochair theaghlaigh in airgead tirim darb aidhm ionad an ioncaim a ghlacadh agus leanbh á thógáil

1. I dtaca leis na sochair theaghlaigh dá dtagraítear i mír 2a (a) d'Airteagal 68 agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, ní bhronnfar iad sin de bhun reachtaíocht an Bhallstáit inniúil ach ar an té sin atá faoi réir na reachtaíochta réamhráite. Ní bheidh díorthaithe ceart leis na sochair sin. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 68a den Rialachán seo maidir leis na sochair sin ná ní bheidh ar an institiúid inniúil éileamh a chur san áireamh a bheadh curtha isteach ag an tuismitheoir eile, ag duine a chaitear leis mar thuismitheoir nó ag institiúid atá ag gníomhú mar chaomhnóir an linbh nó na leanaí de bhun Airteagal 60(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme.

2. De mhaolú ar Airteagal 68(2), i gcásanna forluí teidlíochtaí faoi reachtaíocht nó reachtaíochtaí atá ar neamhréir, féadfaidh Ballstát sochar teaghlaigh dá dtagraítear i mír 1 a bhronnadh ina iomláine ar an tairbhí gan beann ar an méid dá bhforáiltear sa chéad reachtaíocht. Na Ballstáit a roghnóidh maolú den sórt sin a chur i bhfeidhm, liostófar iad i gCuid II d'Iarscríbhinn XIII de réir an tsochair teaghlaigh a bhfuil feidhm ag an maolú ina leith.

IARSCRÍBHINN XIII (nua)

SOCHAIR TEAGHLAIGH IN AIRGEAD TIRIM ATÁ CEAPTHA IONAD IONCAM LE LINN TRÉIMHSÍ TÓGÁLA LEANAÍ A GHABHÁIL

(Airteagal 68b)

**Cuid I: Sochair teaghlaigh in airgead tirim atá ceaptha ionad ioncam le linn tréimhsí tógála
leanaí a ghabháil¹**

(Airteagal 68b(1))

AN OSTAIR

- (a) Liúntas Comhréidh Cúraim Leanaí (An tAcht Liúntas Cúraim Leanaí, 2001/103)
- (b) Liúntas Cúraim Leanaí in ionad ioncam sochrach (An tAcht Liúntas Cúraim Leanaí, 2001/103)
- (c) Bónas Páirtí (An tAcht Liúntas Cúraim Leanaí, 2001/103)

AN BHEILG

An ceart chun saoire tuismitheoireachta i gcomhthéacs sos gairme (Foraithne Ríoga 29/10/1997 maidir le saoire do thuismitheoirí a thabhairt isteach i gcomhthéacs sos gairme)

¹ Chuir an Chipir, an Ghréig, Málta, Éire, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe in iúl nach measann siad go bhfuil aon cheann dá gcuid sochar teaghlaigh féin incháilithe mar shochair theaghlaigh in airgead tirim darb aidhm ionad an ioncaim a ghlacadh i rith tréimhsí tógála leanaí (*tabhair do d'aire gur chun críocha faisnéise amháin an fonóta seo agus nach bhfágfar sa téacs deiridh é ach a bhfoilseofar sin san Iris Oifigiúil*).

AN BHULGÁIR

- (a) Sochar toirchis agus breithe (Cód Árachais Shóisialta, a fógraíodh le SG Uimh. 110 an 17.12.1999 agus atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2000), dar tosach nuair a bheidh an leanbh 6 mhí d'aois
- (b) Sochar nuair a uchtaítear Páiste idir 2 agus 5 bliain d'aois (Cód Árachais Shóisialta, a fógraíodh le SG Uimh. 110 an 17.12.1999 agus atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2000)
- (c) Sochar chun leanbh a thógáil (Cód Árachais Shóisialta, a fógraíodh le SG Uimh. 110 an 17.12.1999 agus atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2000)

POBLAHT NA SEICE

Liúntas Tuismitheora (An tAcht um Thacaíocht Shóisialta Stáit Uimh. 117/1995 Coll., mar atá arna leasú)

AN DANMHAIRG

- (a) Aisíoc Pá (An tAcht um Scéim Chothromúcháin le linn Máithreachais don earnáil phríobháideach) dar tosach an 15ú seachtain tar éis na breithe
- (b) Sochair Mháithreachais agus Atharachta in airgead tirim (An tAcht Comhdhlúthaithe maidir le Teidlíocht chun Saoire agus Sochair i gCás Breith Linbh) dar tosach an 15ú seachtain tar éis na breithe

AN EASTÓIN

Sochar Tuismitheora (An tAcht um Shochair Teaghlaigh an 15 Meitheamh 2016)

AN FHIONLAINN

Liúntas Tuismitheora (An tAcht um Árachas Breoiteachta, 1224/2004)

AN FHRAINIC

- (a) Comhlánú ar an rogha maidir le gníomhaíocht is infheidhme (leanaí a rugadh/arna n-uchtú roimh an 1^ú Eanáir 2015) (Airteagal 60-II den Acht um Shlándáil Shóisialta 2004)

- (b) An sochar tógála leanaí comhróinnte (PREPARE) (leanaí a rugadh ar an 1^ú Eanáir 2015 nó dá éis) (Airteagal 8-I-7 — Acht Uimh. 2014-873 an 4 Lúnasa 2014 maidir le comhionannas iarbhir idir mná agus fir)

AN GHEARMÁIN

Liúntas Tuismitheora (An tAcht um Liúntas do Thuismitheoirí agus Saoire do Thuismitheoirí)

AN UNGÁIR

An táille cúraim leanaí (An tAcht LXXXIII 1997 maidir le Seirbhísí Sláinte an Chórais um Árachas Éigeantach)

AN IODÁIL

Liúntas le haghaidh saoire tuismitheora (Foraithne reachtach an 26 Márta 2001, uimh. 151)

LAITVIA

Sochar Tuismitheoirí (An Dlí maidir le Máithreachas agus Sochar Breoiteachta, 06.11.1995)

AN LIOTUÁIN

Sochar cúraim leanaí (Dlí de chuid Phoblacht na Liotuáine, an 21 Nollaig 2000 maidir le hÁrachas Sóisialta Breoiteachta agus Máithreachais Uimh. IX-110; mar atá arna leasú)

LUCSAMBURG

Ioncam Athsholáthair le linn na Tréimhse Saoire do Thuismitheoirí (Dlí an 3 Samhain 2016 lena n-athchóirítear saoire do thuismitheoirí)

AN PHOLAINN

- (a) Forlíonadh ar an liúntas teaghlaigh i gcomhair cúraim leanaí le linn na tréimhse saoire do thuismitheoirí (An tAcht an 28 Samhain 2003 maidir le Sochair Theaghlaigh)
- (b) Sochar Tuismitheoirí (An tAcht an 28 Samhain 2003 maidir le Sochair Theaghlaigh)

AN PHORTAINGÉIL

- (a) Liúntas tuismitheora (Dlíthe foraithe Uimh. 89/2009 an 9 Aibreán 2009, agus Uimh 91/2009 an 9 Aibreán 2009) dar tosach an 7^ú seachtain tar éis na breithe
- (b) Liúntas sínte tuismitheora (Dlíthe foraithe Uimh. 89/2009 an 9 Aibreán 2009, agus Uimh 91/2009 an 9 Aibreán 2009)
- (c) Liúntas uchtaíthe (Dlíthe foraithe Uimh. 89/2009 an 9 Aibreán 2009, agus Uimh 91/2009 an 9 Aibreán 2009)

AN RÓMÁIN

Slánaíocht Mhíosúil Tógála Linbh (Reacht Éigeandála Rialtais Uimh. 111 an 8 Nollaig 2010 maidir le saoire do thuismitheoirí agus do shlánaíocht mhíosúil tógála linbh, maille leis na leasuithe agus aguisíní a chuirfear leis ina dhiaidh seo)

AN tSLÓVAIC

Liúntas Tuismitheoirí (An tAcht um Liúntas do Thuismitheoirí Uimh. 571/2009, arna leasú)

AN tSLÓIVÉIN

- (a) Maidir le Cosaint agus Cúiteamh do thuismitheoirí (an tAcht um Shochair Teaghlaigh, Iris Oifigiúil Uimh. 26/14 agus 15/90, ZSDP-1)
- (b) Liúntas do Thuismitheoirí (An tAcht um Chosaint do Thuismitheoirí agus Sochair Theaghlaigh, Iris Oifigiúil Uimh. 26/14 agus 15/90, ZSDP-1)

AN tSUALAINN

Sochar do Thuismitheoirí (An tAcht um Árachas Sóisialta)

Cuid II: Ballstáit a thugann sochair teaghlaigh dá dtagraítear in Airteagal 68b ina n-iomláine

(Airteagal 68b (2))

AN EASTÓIN

AN FHIONLAINN

AN LIOTUÁIN

LUCSAMBURG

AN tSUALAINN
